Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Bealtaine 2019**
**(OR. en)**

**9131/19**

**DEVGEN 100**
**SUSTDEV 82**
**ACP 54**
**COHAFA 43**
**RELEX 471**
**FIN 345**
**WTO 133**
**ONU 55**
**OCDE 3**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 16 Bealtaine 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8313/19 |
| Ábhar: | Tuarascáil Bhliantúil 2018 ar chur chun feidhme ionstraimí an Aontais Eorpaigh chun gníomhaíochtaí seachtracha a mhaoiniú in 2017<br>- Conclúidí ón gComhairle (16 Bealtaine 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le tuarascáil bhliantúil 2018 ar chur chun feidhme ionstraimí an Aontais Eorpaigh chun gníomhaíochtaí seachtracha a mhaoiniú in 2017, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3690ú cruinniú a bhí aici an 16 Bealtaine 2019.

**Dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Bhliantúil 2018 ar chur chun feidhme ionstraimí an Aontais Eorpaigh chun gníomhaíochtaí seachtracha a mhaoiniú in 2017**

1. Is díol sásaimh don Chomhairle an Tuarascáil Bhliantúil ar chur chun feidhme ionstraimí an Aontais Eorpaigh chun gníomhaíochtaí seachtracha a mhaoiniú in 2017[1]. Ós amhlaidh atá, molann an Chomhairle go ndéanfaidh an Coimisiún tuilleadh iarrachtaí an machnamh criticiúil a dhéantar ar na torthaí a fheabhsú mar aon le cáilíocht, tráthúlacht agus inléiteacht na tuarascála a fheabhsú. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur rannchuidiú tábhachtach é an Tuarascáil Bhliantúil le saoránaigh agus páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoin gcaoi a gcuirtear cúnamh seachtrach chun feidhme.

2. Iarann an Chomhairle go ndéanfaí an 'Comhfhís', an 'Comhghníomhaíocht, agus 'comhar níos fearr le chéile' a neartú mar a moladh i Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála agus sa Chomhdhearcadh Eorpach nua maidir le Forbairt, lena n-áirítear dul i dtreo Aontas a bheidh níos inchreidte, níos freagraí agus níos comhordaithe.

3. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé iltaobhachas éifeachtach a shaothrú agus comhar idirnáisiúnta riailbhunaithe mar aon le tionscnaimh ábhartha dhomhanda a neartú amhail an Comhaontas Domhanda um Athrú Aeráide+, an Chomhpháirtíocht Dhomhanda um Oideachas agus an Ciste Domhanda chun SEIF, Eitinn agus Maláire a chomhrac. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur den ríthábhacht comhiarrachtaí an Aontais gona Bhallstát a neartú tuilleadh agus iad ag obair i gcomhar lena bpríomh-chomhpháirtithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhomhanda agus deiseanna a thapú chun gur éifeachtach an chaoi a rannchuidítear leis an bhforbairt inbhuanaithe agus le díothú gach saghas agus gach gné den bhochtaineacht.

4. Ina theannta sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí go huile agus go hiomlán le cearta an duine, an daonlathas, an dea-rialachas agus an smacht reatha ar fud an domhain agus molann sí na hiarrachtaí lena ndéantar na nithe sin a chur chun cinn agus a neartú tuilleadh trí bhíthin gníomhaíocht sheachtrach an Aontais, lena n-áirítear trí chumhacht a thabhairt do ghníomhaithe áitiúla agus don tsochaí shibhialta.

---

[1] 5988/19 + ADD 1 + ADD 2

5. Cuireann an Chomhairle chun suntais an dul chun cinn a rinneadh i dtreo chur chun feidhme chlár oibre 2030 don fhorbairt inbhuanaithe agus i dtreo na 17 sprioc forbartha inbhuanaithe (SDGanna) dá cuid. Ós amhlaidh atá, is díol sásaimh don Chomhairle go ndéanfar comhtháthú beartais a chomhchuibhiú sna hiarrachtaí atá ar bun ag an Aontas i gcoitinne i dtaobh na forbartha inbhuanaithe agus dhíothú na bochtaineachta. Athdhearbhaítear leis na hiarrachtaí sin a thiomanta atá an tAontas gan aon duine a fhágáil ar lár ach dul chomh fada leo siúd is faide ar gcúl i dtús báire.

6. Molann an Chomhairle, go háirithe, cur chun feidhme bheartas athbhreithnithe comharsanachta na hEorpa lena n-áirítear an tacaíocht a thugtar d'athchóirithe polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta, don athrú daonlathach agus don chobhsaíocht atá bunaithe ar chur chuige difreáilte agus ar níos mó úinéireachta a bheith ann. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé tacú leis an gcobhsaíocht i gcomharsanacht an Aontais, ó dheas agus thoir araon.

7. Ó thaobh chur chun feidhme bheartas an Aontais de, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint dá chur chun feidhme a neartú, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na próisis athchóirithe maidir leis an smacht reatha agus an bhéim ar an gcur chuige maidir le "bunphrionsabail i dtosach".

8. Is mór ag an gComhairle an spreagadh athnuaite atá ann a bhuí leis an 5ú cruinniú mullaigh idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach a reáchtáladh i mí na Samhna 2017 agus is díol sásaimh di na bearta a rinneadh chun an chomhpháirtíocht straitéiseach leis an Afraic a neartú. Aithníonn an Chomhairle na dúshláin ar leith a bhíonn ag tíortha i mbéal forbartha san Afraic, agus i ndáil leis sin, leagann sí béim ar an tábhacht a bhaineann le cúnamh oifigiúil um fhorbairt a dhíriú ar an mór-roinn sin, ag cloí go hiomlán, ag an am céanna, le tosaíochtaí na mBallstát aonair maidir le cúnamh forbartha.

9. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an comhionannas inscne, agus athdhearbhaíonn sí a thiomanta atá an tAontas mná agus cailíní a bheith in ann cearta an duine a theachtadh go hiomlán agus iad a chumhachtú. Tugann an Chomhairle dá haire le teann sásaimh gur tháinig méadú ar chion na dtionscnamh um chomhar agus um fhorbairt lena gcuirtear an comhionannas inscne chun cinn (ina phríomhchuspóir nó mar chuspóir suntasach) atá á chistiú ag an Aontas, rud a fhágann gurb ionann anois é agus 65%, agus iarrann sí go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun sprioc 85% an phlean gníomhaíochta inscne a bhaint amach. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá an Tionscnamh Spotsolais atá á mhaoiniú ag an Aontas, atá dírithe ar gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní a dhíothú, agus iarrann sí gur ar bhonn comhsheasmhach a bheadh Ballstáit an Aontais rannpháirteach san fhaireachán a ndéantar ina leith.

10. Ina theannta sin, is díol sásaimh don Chomhairle Treoirlínte athbhreithnithe AE maidir le cearta an linbh a chur chun cinn agus a chosaint agus molann sí tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh ionas gur fónta an chaoi a ndéanfar páistí agus an óige a chuimsiú i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais.

11. Is cúis mhór imní don Chomhairle an cúngú atá á dhéanamh ar spás na sochaí sibhialta agus go bhfuil líon na dtíortha lenar béas sin ag dul i líonmhaireacht. Athdhearbhaíonn sí gur cheart tacaíocht an Aontais don tsochaí shibhialta a bheith níos feiceálaí agus níos lárnaí ina chuid comhpháirtíochtaí uile agus molann sí iarrachtaí a dhéanamh lena áirithiú go ndéanfar caidreamh níos straitéisí leis an tsochaí a phríomhshruthú i ngach réimse comhair.

12. Cuireann an Chomhairle chun suntais go dtig le díghrádú an chomhshaoil, leis an athrú aeráide, le hadhaimsir, le tubaistí nádúrtha a bheith ina siocair le tairbhí i réimse na forbartha, agus leis an bhforás eacnamaíoch, a chur de dhroim seoil, go háirithe i dtíortha bochta. Is díol sásaimh don Chomhairle iarrachtaí an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, i gcomhréir le Comhaontú Pháras, agus iarrann sí go leanfaí de na hiarrachtaí chun comhthairbhí aeráide a neartú agus a mhéadú agus iarrachtaí a dhéanamh i dtaobh maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú a dhéanamh do ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais.

13. Is díol sásaimh don Chomhairle cur chun feidhme an Phlean Infheistíochta Seachtraí (EIP) atá dírithe ar infheisteoirí príobháideacha a spreagadh rannchuidiú leis an bhforbairt inbhuanaithe agus le cruthú fostaíochtaí i dtíortha comhpháirteacha san Afraic agus i gcomharsanacht na hEorpa. Ina theannta sin, cuireann an Chomhairle chun suntais na hiarrachtaí a rinneadh i réimse an digitithe don fhorbairt agus molann sí don Choimisiún cur chuige an digitithe don fhorbairt a chur chun gnímh tuilleadh. Aithníonn an Chomhairle go bhféadfaidh nascacht níos fearr tacú chomh maith le tíortha an fhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach.

14. Is díol sásaimh don Chomhairle iarrachtaí an Aontais chun cúnamh tarrthála bunaithe ar riachtanais a chur ar fáil do dhaoine atá thíos le géarchéimeanna daonnúla, lena n-áirítear géarchéimeanna fada, i ngach cearn den domhan, agus go n-áirithítear nach ndéanfar dearmad ar na daoine sin atá thíos leis na géarchéimeanna nach bhfuil i mbéal an phobail chomh minic céanna. Cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis imní di méadú leanúnach domhanda na riachtanas daonnúil, a bhfuil comharsanacht na hEorpa ina measc. Ina theannta sin, cuireann sí i bhfáth go láidir nach mór leanúint de na hiarrachtaí infheistíocht a dhéanamh chun cosc a chur ar ghorta agus chun gur éifeachtach an chaoi a dtugtar aghaidh ar ghéarchéimeanna tromchúiseacha bia amhail iad siúd a thit amach sa bhliain 2017 in Éimin, in oirthuaisceart na Nigéire, sa tSomáil agus sa tSúdáin Theas. Molann an Chomhairle tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh an nasc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin a chur chun gnímh tuilleadh agus cuireann sí chun suntais a thábhachtaí atá sé a bheith ag obair i gcomhréir leis an moladh ó OECD-DAC maidir leis an nasc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin ionas gur éifeachtach an chaoi a dtabharfaí aghaidh ar a dtitfeadh amach tráth coinbhleachta agus géarchéime.

15. Tá a ngealltanais aonair agus chomhchoiteanna i dtaca le cúnamh oifigiúil um fhorbairt (ODA) athdhearbhaithe ag an Aontas gona Bhallstáit.[2] Meabhraítear don Chomhairle gur foinse mhór airgeadais é ODA do na tíortha is lú forbairt (LDCanna) agus do stáit leochaileacha, nach bhfuil an acmhainn intíre acu teacht ar mhaoiniú ó fhoinsí eile. Meabhraítear don Chomhairle chomh maith, i gcomhréir leis an gcomhdhearcadh Eorpach nua maidir le forbairt, agus tosaíochtaí na mBallstát aonair á n-urramú ina n-iomláine, gur cheart comhar an Aontais agus a chuid Ballstát um fhorbairt a dhíriú ar na réimsí ag a bhfuil an gá is mó agus ar a bhféadfaí an éifeacht is láidre a imirt, go háirithe ar na tíortha is lú forbairt agus ar staideanna leochaileachta agus coinbhleachta.

16. Ina theannta sin, iarann an Chomhairle ar an gCoimisiún aird ar leith a thabhairt ar dhúshláin shonracha na dtíortha sin atá ag athrú ó stádas ísealioncaim, páirt a ghlacadh i gcomhar um fhorbairt, idirphlé beartais agus comhpháirtíochtaí le dtíortha meánioncaim maidir le forbairt inbhuanaithe, díothú na bochtaineachta, éagothroime ioncaim, géarchéimeanna fadtréimhseacha na ndídeanaithe agus leasanna comhroinnte eile agus teagmháil nuálach le tíortha atá i mbéal forbartha agus atá céim chun tosaigh i dtreo na forbartha a fhorbairt, trí chomhar airgeadais agus cineálacha eile comhair, agus ar bhealaí eile freisin.

17. A bhuí le cur chuige comhtháite an Aontais tá rannpháirt níos comhleanúnaí agus níos iomláine ann sna réimsí seo a leanas – taidhleoireacht, slándáil agus cosaint, lena n-áirítear misin agus oibríochtaí CBSC, comhar um fhorbairt agus cabhair dhaonnúil. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta ó thaobh athléimneachta, cosc coinbhleachtaí, bainistiú géarchéime agus cobhsaíocht thar lear agus na hiarrachtaí atá á ndéanamh maidir le fothú acmhainneachta ar mhaithe le slándáil agus forbairt.

18. Ina theannta sin, cuireann an tAontas i bhfáth go láidir nach mór leanúint de na hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna an easáitithe éigeantaigh agus na himirce neamhrialta. Molann an Chomhairle don Choimisiún cur chun feidhme Chiste Iontaobhais an Aontais Eorpaigh don Afraic (EUTF) agus na Saoráide do Dhídeanaithe sa Tuirc a neartú tuilleadh.

---

2 8959/18 - Conclúidí ón gComhairle maidir le "Infheistiú san Fhorbairt Inbhuanaithe" agus Tuarascáil Bhliantúil 2018 don Chomhairle Eorpach maidir le Spriocanna an Aontais Eorpaigh i réimse na Cabhrach um Fhorbairt

19. Meabhraítear don Chomhairle na conclúidí uaithi maidir leis an doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin dar theideal Creat Athbhreithnithe an Aontais le haghaidh Torthaí sa Chomhar Idirnáisiúnta agus san Fhorbairt[3], agus is díol sásaimh di Creat Athbhreithnithe an Aontais le haghaidh Torthaí a chur ar chomhréim le táscairí na spriocanna forbartha inbhuanaithe mar aon leis an gComhdhearcadh Eorpach nua maidir le Forbairt agus leis an gComhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil. Is mór aici freisin go bhfuil an próiseas faireacháin á neartú sna tíortha comhpháirtíochta agus go bhfuil torthaí idirghabhálacha leanúnacha de chuid an Aontais á dtuairisciú. Ar mhaithe leis an gcinnteoireacht agus leis an gcuntasacht fhrithpháirteach mar aon le feasacht agus infheictheacht phoiblí is den tábhacht cumhdach sonraí níos fearr agus faisnéis thráthúil a bheith ann. Iarrann sí ar an gCoimisiún cur le tuairisciú na dtorthaí sa tuarascáil bhliantúil a thuilleadh agus torthaí faoi leith a chuimsiú i gcás inarb iomchuí. Lena chois sin, molann an Chomhairle don Choimisiún an tuairisciú a dhéanann sé maidir le cur chun feidhme comhpháirteach agus rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe cur chun feidhme, a roinntear de réir an chineáil eintitis dá dtagraítear sa Rialachán Airgeadais, a fhorbairt tuilleadh, sna tuarascálacha bliantúla amach anseo.

20. Tacaíonn an Chomhairle leis an Aontas ina chuid iarrachtaí an comhar um fhorbairt a chur in iúl, trí bhíthin líonra cumarsáide an Aontais don fhorbairt, cuir i gcás. Iarrann sí ar an gCoimisiún leas a bhaint as imeachtaí amhail laethanta Eorpacha don fhorbairt chun cur le teagmháil duine-lárnach agus chun tionscnaimh amhail clár Oideachais agus Múscailte Feasachta maidir le Forbairt (DEAR) agus Saotharlann Beartais maidir le caidreamh Seachtrach a threisiú. Ní mór aird faoi leith a thabhairt ar an óige agus ar leanaí agus iarrachtaí ar bun ag an Aontas chun feabhas a chur ar infheictheacht, faisnéis agus cumarsáid, laistigh den Aontas agus lasmuigh de.

[3] 14553/18